

# **Epistil Phoil absdail chum na Ngalatianach**

## **The Epistle of Paul to the Galatians**

### *An Irish and English Parallel Bible*

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on English-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

## **Chapter**

**1            2            3**

**4            5            6**

# Epistil Phoil absdail chum na Ngalatianach

## The Epistle of Paul to the Galatians

William O'Domhnuill New Testament  
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611  
1769 Edition

### Caibidil 1

### Chapter 1

*Muinntir na Galatia corrach, diombuán a gcreidimh.*

1 Pol, absdal, (ní ó dháoinibh, ná tré dhúine, achd tré Iósa Críosa, agus tré Dhía an Tathair, noch do thóg súas é ó mharbhuibh;)

2 Agus na dearbhráithreacha uile atá maille riom, chum eagluiseadh na Galátia:

3 Grása maille ribh agus síothcháin ó Dhía Athar, agus ó ar Dtíghearna Iósa Chríosa,

4 Tug é féin ar son ar bpeacuighne, chum ar sáortha ón drochsháoghalsa do láthair, do réir dheághthoile Dé eádhon ar Nathairne:

5 Agá *bhfuil* glóir go sáoghal na sáoghal. Amén.

6 As iongnadh leam bheith ar niompógh dhibh comhlúath sin chum soisgéil eile ón tí do ghoir sibh chum grás Chríosa:

7 Ag nách *soisgéul* eile é; achd amháin go bhfuil dream áirighe dá bhur mbuáidhreadh, agus léir mían soisgéil Chríosa do chur neimbrígh.

8 Achd boidh go ndéanamáoisne, no aingeal ó neamh, soisgéul eile do sheanmóir dháoihb tar an *tsoisgéul* do rinneamar do sheanmóir dháoihb cheana, bíodh sé malluighe.

9 Amhuil a dubhramar roimhe, a deirim a nois a rís *mar an gcéudna*, Cía bé dhéanas soisgéul do sheanmóir dháoihb leith amuígh dhe súd do ghabhabhair chuguibh, bíodh sé malluighthe.

10 Oír a nois an íad dáoine, nó a né Día theaguisgim? nó a ní toil na ndáoine iarruim a dhéunamh? go deimhin dá mbéinn gus a nois ag déunamh toil na ndáoine, ní bhéinn um shearbhfhoghantuidhe ag Críosa.

11 Agus do bheirim a fhios dhíbh, a dhearbhráithre, an soisgéul do seanmóradh leamsa nách do réir dhuine atá sé.

12 Oír ní ó dhuine fúair mé é, ná do theaguisgeadh mé, achd tré thaisbéaunadh Iósa Críosa.

13 Oír do chualabhair mo choinbhearsáid a nallód a gcreideamh na Niúduigheadh, eadhon go raibh mé ag géirleanmhuin eagluisi Dé tar mhógh, agus dá sgrios.

14 Agus gur mó tháinic mé ar madhuigh a gcreideamh na Niúduigheadh ná morán dom

1 Paul, an apostle, (not of men, neither by man, but by Jesus Christ, and God the Father, who raised him from the dead;)

2 And all the brethren which are with me, unto the churches of Galatia:

3 Grace *be* to you and peace from God the Father, and *from* our Lord Jesus Christ,

4 Who gave himself for our sins, that he might deliver us from this present evil world, according to the will of God and our Father:

5 To whom *be* glory for ever and ever. Amen.

6 I marvel that ye are so soon removed from him that called you into the grace of Christ unto another gospel:

7 Which is not another; but there be some that trouble you, and would pervert the gospel of Christ.

8 But though we, or an angel from heaven, preach any other gospel unto you than that which we have preached unto you, let him be accursed.

9 As we said before, so say I now again, If any *man* preach any other gospel unto you than that ye have received, let him be accursed.

10 For do I now persuade men, or God? or do I seek to please men? for if I yet pleased men, I should not be the servant of Christ.

11 But I certify you, brethren, that the gospel which was preached of me is not after man.

12 For I neither received it of man, neither was I taught *it*, but by the revelation of Jesus Christ.

13 For ye have heard of my conversation in time past in the Jews' religion, how that beyond measure I persecuted the church of God, and wasted it:

14 And profited in the Jews' religion above many my equals in mine own nation, being

mhaca samhla a measg mo chinidh, ar mbeith dhamh ní as dúthrachduighe ag leanmhuin luirg mo shinnsear.

15 Gidheadh an tan do thoguir DÍA, (noch do chuir air leith mé ó bhruinn mo mháthar, agus do ghoir *mé* tré na ghrás,)

16 A mhac féin dfoillsiughadh ionnam, ionnus go mbéinn dá sheanmóir a measg na gcineadhach; air a nuáirsin ní deárna mé cómhairle ré fuil agus re féoil:

17 Agus níor fhill mé go Hiarusalem chum na druinge *do bhí* na napsdaluibh rómham; achd do imthigh mé go Harábia, agus tainic mé ar mais arís go Damascus.

18 Na dhiáigh sin a gcionn thrí mblíadhan do fhill mé go Híarúsálem dfeucháin Pheadair: agus dfan mé na fhochair cúig lá dhéug.

19 Agus ní fhaca mé neach ar bith eile do na hapsdaluibh, achd amháin Séumus dearbhráthair an Tighearna.

20 Agus sna neithibh sgríobhuim chuguibh, féuch, tógbhuim DÍA dfiadhnuisi, nách bréug do ním.

21 Na dhiáigh sin tháinic mé go críochaibh na Síria agus Cilícia:

22 Agus ní raibh eólas oram do réir mfaicsiona ag eaglaisibh thíre Iúdaighe noch do bhí a Gcríod;

23 Achd amháin do chúaladar, An tí do bhí dár ngérléanmhuin roimhe so go bhfuil sé a nois ag soisgéulughadh an chreidimh do sgrios sé roimhe.

24 Agus tugadár glóir do Dhía dom tháobh.

## Caibidil 2

*Pól ag leanmhuin ar a thúras 4 agus ag deimhniughadh an tsoisgeil. 7 Mar theachdaire na Gcineadhach; amhuil Peadur, na Niúduigheach.*

1 Agus a gcionn cheithre mhlíadhan déug na dhiáigh sin do chuáidh mé súas a rís go Hiarusalem ma ráon ré Barnabas, ar mbreith Thítuis riom mar an gcéudna *um chuideachda*.

2 Agus is do réir thaisbéunta do chuáidh mé súas, agus do chuir mé a gcéill dóibh an soisgéul do ním a sheanmóir a measg na Gcineadhach, achd don druing dob óirdheirce aca air leith, deagla a gcáil ar bith go riothfuinn go diomhaóin, no gur riothas.

3 Achd fós níor cuireadh dfiachuibh ar Thítus, do bhí um chuideachda, a thimcheallgearradh, bíodh go raibh sé na Ghréugach.

more exceedingly zealous of the traditions of my fathers.

15 But when it pleased God, who separated me from my mother's womb, and called *me* by his grace,

16 To reveal his Son in me, that I might preach him among the heathen; immediately I conferred not with flesh and blood:

17 Neither went I up to Jerusalem to them which were apostles before me; but I went into Arabia, and returned again unto Damascus.

18 Then after three years I went up to Jerusalem to see Peter, and abode with him fifteen days.

19 But other of the apostles saw I none, save James the Lord's brother.

20 Now the things which I write unto you, behold, before God, I lie not.

21 Afterwards I came into the regions of Syria and Cilicia;

22 And was unknown by face unto the churches of Judaea which were in Christ:

23 But they had heard only, That he which persecuted us in times past now preacheth the faith which once he destroyed.

24 And they glorified God in me.

## Chapter 2

1 Then fourteen years after I went up again to Jerusalem with Barnabas, and took Titus with *me* also.

2 And I went up by revelation, and communicated unto them that gospel which I preach among the Gentiles, but privately to them which were of reputation, lest by any means I should run, or had run, in vain.

3 But neither Titus, who was with me, being a Greek, was compelled to be circumcised:

4 Agus sin ar son na ndearbhráithreach bhfallsa do bhí ar dteoltógh a steach, noch do théultóigh a steach do bhrath na saóirse atá aguinn a Níosa Críosa chum ar mbreith fá dhaóirse:

5 Dá nach dtugamar urraim, ar feadh úaire amháin; ionnus go bhfanadh fírinne an tsoisgéil aguibhse.

6 Agus ón druing air a saóiltear cáil éigin oirdhearcuis do bheith, (gidh bé mar do bhádar rómhe so, ní bheanann sé dhamhsa: ní ar phearsainn dhuine bhíos meas ag Día: oír) an dream shaóiltear *do bheith oirdheirc*, níor chuireadarr bárr ar mo theagusgsa:

7 Achd go contrárdha dhó sin, ar bhfaicsin dóibh gur táobhadh soisgéul an nemhthimchillghearrtha leamsa, mar *do táobhadh soisgéul* an timchiollghearrtha lé Peadar;

8 (Oír an té do oibrigh go héifeachtach) do Pheadar chum absdaltachda an timchillghearrtha, doibrigh sé dhamhsa mar an gcéudna do tháobh na Gcineadhach:

9 Agus ar naithne do Shéumus, agus do Chéphas, agus Déoin, ar a bhfuil meas bheith na bposduighibh an grás do tugadh dhamh: tugadar a lámh dheas *a ccrúth* chumainn damhsa agus do Bharnabas; chum sinne *dimtheachd* chum na ccineadhach, agus íad féin chum an timchillghearrtha.

10 Achd amháin go mbíadh cuímhne aguinn ar na bochduibh; an ní céudna agá raibh mé féin dúthrachdach chum a dhéunta.

11 Agus an tan tháinic Peadar go Hantíochia, do sheas mé an adhuigh a éduin, oír do thuill sé a spreagadh.

12 Oír sul tangadar dream áirighe ó Shéumas, do chaith sé bíadh a bhfochair na Gcineadhach: achd tár éis teachd dóibh, do dhéultó sé agus do sgar sé *ríu*, ar mbeith eaglach dhó roimh an luchd do bhí don timchiollghearradh.

13 Agus do bhádar an chuid eile do na Iúduighibh mar an gcéadna ag cluáinreachd na fochair; ionnas gur tháirngedar Barnabas fós ré na gcluáin.

14 Achd an tan do chonnaire misi nách í an tslighe dhíreach do shíubhladar chum fírinne an tsoisgéil, a dubhairt mé ré Peadar na bhfiadhnuisi uile, Má atá tusa, agus tú ad Iúduighe, ag caitheamh do bheatha réir na Gcineadhach, agus ní réir na Níuduigheadh, créd fá gcuireann tú dfíachuibh ar na Cineadhachuibh aithris do dhéunamh ar na Iúduighibh?

4 And that because of false brethren unawares brought in, who came in privily to spy out our liberty which we have in Christ Jesus, that they might bring us into bondage:

5 To whom we gave place by subjection, no, not for an hour; that the truth of the gospel might continue with you.

6 But of these who seemed to be somewhat, (whatsoever they were, it maketh no matter to me: God accepteth no man's person:) for they who seemed *to be somewhat* in conference added nothing to me:

7 But contrariwise, when they saw that the gospel of the uncircumcision was committed unto me, as *the gospel* of the circumcision *was* unto Peter;

8 (For he that wrought effectually in Peter to the apostleship of the circumcision, the same was mighty in me toward the Gentiles:)

9 And when James, Cephas, and John, who seemed to be pillars, perceived the grace that was given unto me, they gave to me and Barnabas the right hands of fellowship; that we *should go* unto the heathen, and they unto the circumcision.

10 Only *they would* that we should remember the poor; the same which I also was forward to do.

11 But when Peter was come to Antioch, I withstood him to the face, because he was to be blamed.

12 For before that certain came from James, he did eat with the Gentiles: but when they were come, he withdrew and separated himself, fearing them which were of the circumcision.

13 And the other Jews dissembled likewise with him; insomuch that Barnabas also was carried away with their dissimulation.

14 But when I saw that they walked not uprightly according to the truth of the gospel, I said unto Peter before *them* all, If thou, being a Jew, livest after the manner of Gentiles, and not as do the Jews, why compellest thou the Gentiles to live as do the Jews?

15 Inne *atá* ar Níuduighibh ó nadúir, agus ní ar bpeacthachuibh do na Cinéadhachuibh,

16 Ar mbeith fhios aguinn na sáorthar duine tré oibrighibh an reachda, achd tré chreideamh Iósa Críosa, do chreideamairne a Níosa Críosa mar an ccéudna, ionnus go sáorfuiġhe sinn tré chreideamh Chríosa, agus ní tré oibrighibh an reachda: do bhríġh nach sáorfuiġhtear féoil ar bith tré oibrighibh an reachda.

17 Agus má, gheibhthear sinne ar bpeacthachuibh, *agus sinn* ag iarruidh ar sáortha a Gcríosa, a né go bhfuil Críosa na mhinisdir ag an bpeacadh? nar léige Día sin.

18 Oír má thógbhuim súas a rís na neithe do leag mé síos, do ním ciontach mé féin.

19 Oír atáimse trés an reachd marbh don reachd, ionnus go mbéinn béo do Dhía.

20 Do céusadh mé má ráon ré Críosa: gidheadh atáim beo; bíodh nach misi feasda, achd Críosa atá béo ionnam: agus an bheatha chaithim a nois sa gcoluinn is tré chreideamh Mhic Dé chaithim í, noch do ghrádhuiġh mé, agus tug é féin ar mo shon.

21 Ní ag cur ghrás Dé ar gcúl atáim: oír má *thiġ* trés an reachd firéuntachd, is gan adhbhar fuair Críosa bás.

### Caibidil 3

*Tugadh dlighe Mhaosi 19 chum peacadh do bheagughadh, agus do nochdadh; 24 achd is tré chreideamh Chríosa atá ar sáoradh úatha thríd amach.*

1 O A Ghalatíanacha gan chéill, cía rinne piseóga dhaóibh, as nách géillfeadh sibh don fhírinne, agar thaisbéunadh Iósa Críosa daóibh roimhe so a bhfiadhnuisi bhur súl, ar na chéusadh bhur measg?

2 Bá mían ríom so amháin dfoghluim uáibh, An ó oibrighthibh an reachda fúarabhair an Spiorud, ná ó éisdeach an chreidimh?

3 An bhfuilí coimhmíchéillid hesin? ar dtosughadh dhaóibh sa Spioruid, go mádh mían ribh a nois bhur gcríochnughadh sa bhfeóil?

4 An go diomhaóin dfuiling sibh a noirid sin do neithibh? achd fós más diomhaóin.

5 Uime sin an tí do bheir an Sbiorad go fairsing dhaóibh, agus oibrigheas súbhailcighe míorbhuileacha ionnuibh, an tré oibrighthigh an reachda, nó tré éisdeachd a chreidimh *do bheir sé íad?*

6 Amhuil do chreid Abraham do Dhía, agus do measadh dhó é mar fhiréantachd.

15 We *who are* Jews by nature, and not sinners of the Gentiles,

16 Knowing that a man is not justified by the works of the law, but by the faith of Jesus Christ, even we have believed in Jesus Christ, that we might be justified by the faith of Christ, and not by the works of the law: for by the works of the law shall no flesh be justified.

17 But if, while we seek to be justified by Christ, we ourselves also are found sinners, *is* therefore Christ the minister of sin? God forbid.

18 For if I build again the things which I destroyed, I make myself a transgressor.

19 For I through the law am dead to the law, that I might live unto God.

20 I am crucified with Christ: nevertheless I live; yet not I, but Christ liveth in me: and the life which I now live in the flesh I live by the faith of the Son of God, who loved me, and gave himself for me.

21 I do not frustrate the grace of God: for if righteousness *come* by the law, then Christ is dead in vain.

### Chapter 3

1 O foolish Galatians, who hath bewitched you, that ye should not obey the truth, before whose eyes Jesus Christ hath been evidently set forth, crucified among you?

2 This only would I learn of you, Received ye the Spirit by the works of the law, or by the hearing of faith?

3 Are ye so foolish? having begun in the Spirit, are ye now made perfect by the flesh?

4 Have ye suffered so many things in vain? if *it be* yet in vain.

5 He therefore that ministereth to you the Spirit, and worketh miracles among you, *doeth he it* by the works of the law, or by the hearing of faith?

6 Even as Abraham believed God, and it was accounted to him for righteousness.



7 Uime sin is tuigte dhaóibh an drung *atá* don chreideamh, gur ab íad sin clann Abraham.

8 Oír ar na fhaicsin roimhe don sgríobtúir, go sáorfadh Día na cineadhacha tré chreideamh, do shoisgéal sé roimhe láimh Dábraham, *ag rádh*, Biáidh na huile chineadhacha ar na mbeannughadh ionnadsa.

9 Uimé sin an dream *áta* don chreideamh atáid síad beannuighthe maille ré Hábraham deaghchreidmheach.

10 Oír an mhéid atá do tháobh oibrightheadh an reachda atáid síad fáoi an mallachd: oír atá sgríobhtha, As malluighe gach áon nach ccomhnuigheann sna huile neithibh atá sgríobhtha a leabhar an reachd chum a ndéunta.

11 Agus as ní follas nach sáorthar éunduine trés an reachd a bhfiadnuisi De, oír, As tré chreideamh mhairfeas an firéun.

12 Gidheadh ní ón chreideamh atá an reachd: achd, An tí dhéunas íad mairfidh sé thriothadh.

13 Achd dfúasguil Críosa sinne ó mhallachd an reachda, ar mbeith dhó ar na dhéunamh na mhallachd air ar son: oír atá sgríobhtha, As malluighe gach áon chrochdar a gcrann:

14 Ionnuis go dtiucfadh beannachdadh Abraham chum na Gcineadhach a Níosa Críosa; chum sinne dfagháil geallamhna na Spioruide tré chreideamh.

15 A dhearbhráithre, is do réir nóis daónna labhruim; Bíodh nach biadh ann achd connradh duine, *ar mbeith dhó* daingnighthe, ní chuiréann éinneach ar gcúl é, agus ní curthar tuilleadh ar bith leis.

16 Máseadh is Dábraham agus dá shíol tugadh na geallamhnacha. Ní abair sé, Agus do na síoltuibh, mar *do bhíadh sé ag labhairt* ar mhórán; achd mar *do laibheóradh sé* ar áon *ag rádh*, Agus dod shiolsa, agár ab é Críosa é.

17 Agus a deirim so, nách ccuireann an reachd, noch do thosuigh a gcionn cheithre gcéud agus deich mblíadhan bhfiththead na dhiaigh, an connradh do dhaingnightheadh roimhe, ré Día a dtáobh Chríosa, a neimbrigh, ionnas go gcuirfeadh sé an gheallamhuin ar gcúl.

18 Oír más ón reachd *thig* a nóightheadh, ní *thig sí* feasda ón ngeallamhuin: achd tug Diá *í* go sáor Dábraham tré ghealladh.

19 Uime sin créud é an reachd? Is uime do hórduigtheadh é ar son sáruighthe na naitheantadh, go teachd don tsíol dá ndearnadh an gealladh; ar na órdughadh ris na hainglibh tré láimh eidirmheadhontóra.

7 Know ye therefore that they which are of faith, the same are the children of Abraham.

8 And the scripture, foreseeing that God would justify the heathen through faith, preached before the gospel unto Abraham, *saying*, In thee shall all nations be blessed.

9 So then they which be of faith are blessed with faithful Abraham.

10 For as many as are of the works of the law are under the curse: for it is written, Cursed *is* every one that continueth not in all things which are written in the book of the law to do them.

11 But that no man is justified by the law in the sight of God, *it is* evident: for, The just shall live by faith.

12 And the law is not of faith: but, The man that doeth them shall live in them.

13 Christ hath redeemed us from the curse of the law, being made a curse for us: for it is written, Cursed *is* every one that hangeth on a tree:

14 That the blessing of Abraham might come on the Gentiles through Jesus Christ; that we might receive the promise of the Spirit through faith.

15 Brethren, I speak after the manner of men; Though *it be* but a man's covenant, yet *if it be* confirmed, no man disannulleth, or addeth thereto.

16 Now to Abraham and his seed were the promises made. He saith not, And to seeds, as of many; but as of one, And to thy seed, which is Christ.

17 And this I say, *that* the covenant, that was confirmed before of God in Christ, the law, which was four hundred and thirty years after, cannot disannul, that it should make the promise of none effect.

18 For if the inheritance *be* of the law, *it is* no more of promise: but God gave *it* to Abraham by promise.

19 Wherefore then *serveth* the law? It was added because of transgressions, till the seed should come to whom the promise was made; *and it was* ordained by angels in the hand of a mediator.

20 Achd an teidirmheadhantóir ní ré haon é, achd is aon é Dúa.

21 Uime sin an bhfuil an réachd a nadhuigh gheallamhnacha De? a bhfas uainn sin do rádh: oír da mbeith reachd ar na thabhairt lér bhféidir béatha do thabhairt úadha, go deimhin ís trés an reachd do thiucfadh firéuntachd.

22 Achd dfág an sgríobhtuir na huile dháoine dúnta fáoi pheacadh, ionnus go dtiubhartháoi an gheallamhuin ó chreideamh Iósa Críod don druing chreideas.

23 Achd suil tháinic an creideamh, do congmadh sinn fá *smachd* an reachda, agus do dúnadh oruinn chum an chreidimh do bhí ré hadhuigh a fhoillsighthe.

24 Uime sin a sé an reachd fá sgeomhaighistir dhúinn go Críod, ionnus go sáorfuidhe sinn tré chreideamh.

25 Achd ar dteachd dón chreideamh, ní bhfuilmíd feasda fáoi sgeomhaighisdir.

26 Oír atá sibh uile bhur gcloinn ag Dúa tré chreideamh a Níosa Críod.

27 Oír an mheid aguibh do baisdeadh a Gcríod do chuireabhair Críod iomuibh.

28 Ní bhfuil Iúduighe na Gréugach, ní bhfuil sáor na dáor, ní bhfuil fear na bean: oír is áon sibh uile a Níosa Críod.

29 Agus más lé Críod sibh, as sibh síol Abraham *gan amhras*, agus oighrighe do réir na geallamhna.

#### Caibidil 4

*Bhadar dáoine fá réachd Mhaóise mar oíghre fa fhear-coimhead: 22 gidheadh is dúal sáoirse theachd ar shliocht Shára.*

1 Gidheadh a deirim, Ar feadh bhíos an tóighre na leanbh, nach bhfuil dithfir ar bithe eidir é agus shearbhfhogantuidhe, bíodh go bhfuil na thighearna ós cionn gach neithe;

2 Achd bí fáoi luchd a choimhéuda, agus fán luchd ar a mbí a chúram, go teachd na haimsire do órduigh an tathair.

3 As mar an gcéudna sinne, an tan do bhámar ar leanuibh, do bhámar a ndáoirse fáoi cheadthosuighibh an tsáoghail:

4 Achd ar gcoimhlíonadh na haimsire, do chuir Dúa a Mhac féin úadh, do gineadh ó mhnáoi, agus do gineadh fáoi an réachd,

5 Chum na druinge do bhí fáoi an réachd dfúasgladh dhó, ionnus go bhfuighemísne ait cloinne.

20 Now a mediator is not *a mediator* of one, but God is one.

21 *Is the law then against the promises of God? God forbid: for if there had been a law given which could have given life, verily righteousness should have been by the law.*

22 But the scripture hath concluded all under sin, that the promise by faith of Jesus Christ might be given to them that believe.

23 But before faith came, we were kept under the law, shut up unto the faith which should afterwards be revealed.

24 Wherefore the law was our schoolmaster *to bring us* unto Christ, that we might be justified by faith.

25 But after that faith is come, we are no longer under a schoolmaster.

26 For ye are all the children of God by faith in Christ Jesus.

27 For as many of you as have been baptized into Christ have put on Christ.

28 There is neither Jew nor Greek, there is neither bond nor free, there is neither male nor female: for ye are all one in Christ Jesus.

29 And if ye *be* Christ's, then are ye Abraham's seed, and heirs according to the promise.

#### Chapter 4

1 Now I say, *That* the heir, as long as he is a child, differeth nothing from a servant, though he be lord of all;

2 But is under tutors and governors until the time appointed of the father.

3 Even so we, when we were children, were in bondage under the elements of the world:

4 But when the fulness of the time was come, God sent forth his Son, made of a woman, made under the law,

5 To redeem them that were under the law, that we might receive the adoption of sons.

6 Agus do bhrígh go bhfuilí bhur gcloinn, do chuir Dá uadh ann bhur gcroidhthibh Spiorad a Mhic féin, ghoireas, Abbá, Athair.

7 Uime sin ní searbhfohantuidhe thú feasda, achd mac; agus más mac, is oighre thú mar an gcéudna do Dhá tré Chríod.

8 Achd an tan sin ar mbeith dháuibh gan eólas Dé aguibh, do bhíodh sibh ag seirbhís do na déuibh, nach bhfuil na ndéuibh ó naduir.

9 Achd a nois, ó áta eólas Dé aguibh, nó fós eólas Dé oruibh, cionnas fhilleas sibh a rís ar na céudthosuígibh eugcruáidhe uireasbhacha, dár mían rubh bheith a rís fá dháirse?

10 Bí coimhéud aguibh ar laethibh, agus ar mhíosuibh, agus ar aimsearuibh, agus ar bhliádhauibh.

11 Áta eagla oram bhur dtimcheall, gur go diomháoin do thuisrigheas mé féin ribh.

12 Iarruim dathchuinge oruibh, a dhearbhráithre, bíghidh mar misi, do bhrígh go bhfuilimse mar sibhse: ní dhearnabhair éugcoir ar bith oram.

13 Agus áta a fhios aguibh gur tré éugcrúas na feóla do sheanmóir mé dháuibh an soisgéul ar tús.

14 Agus ní raibh tarcuisne ná gráin aguibh air mo chathughadhsa um fheóil; achd do ghabhabhair chuguibh mé mar aingeal Dé, nó fós mar Iósa Críod.

15 Uime sin créd í an cháill shonuis do bhí oruibh? óir do ním dfiadhnuise dháuibh, go mbeanfadh sibh da madh éidir é, bhur súile féin amach, re na dtabhairt damhsa.

16 Ar a nadhbharsin an bhfuilim um námhuid aguibh, fán bhfirinne dinnisin díbh?

17 Ní ré máith, áta teasghrádh acadhsan dáuibh, achd bá mían riu sinne do chur amach uáibhse; ionnus go mbíadh teasghrádh aguibhsi dhóibh féin.

18 Achd as maith an teasghrádh ré bheith go siorruidhe a ní mhaith, agus ní hé amháin an tan bhímse bhur lathair.

19 A chlann bheag, agá bhfuilim a rís ré niodhnuibh bhur dtimcheall nó go ndealbthar Críod ionnuibh,

20 Agus do bfearr leam go mbéinn bhur láthair a nois, chum mo ghótha dáthrughadh; óir atáim amharusach oruibh.

21 Innisigh dhamh, a dhream lér mían bheith fáoi an reachd, an gluin sibh an reachd?

22 Óir áta sgríobhtha, go rabhadar días mac ag Abraham, mac aca ré hinnilt, agus mac eile ré mnáoi sháoir.

6 And because ye are sons, God hath sent forth the Spirit of his Son into your hearts, crying, Abba, Father.

7 Wherefore thou art no more a servant, but a son; and if a son, then an heir of God through Christ.

8 Howbeit then, when ye knew not God, ye did service unto them which by nature are no gods.

9 But now, after that ye have known God, or rather are known of God, how turn ye again to the weak and beggarly elements, whereunto ye desire again to be in bondage?

10 Ye observe days, and months, and times, and years.

11 I am afraid of you, lest I have bestowed upon you labour in vain.

12 Brethren, I beseech you, be as I *am*; for I *am* as ye *are*: ye have not injured me at all.

13 Ye know how through infirmity of the flesh I preached the gospel unto you at the first.

14 And my temptation which was in my flesh ye despised not, nor rejected; but received me as an angel of God, *even* as Christ Jesus.

15 Where is then the blessedness ye spake of? for I bear you record, that, if *it had been* possible, ye would have plucked out your own eyes, and have given them to me.

16 Am I therefore become your enemy, because I tell you the truth?

17 They zealously affect you, *but* not well; yea, they would exclude you, that ye might affect them.

18 But *it is* good to be zealously affected always in a good *thing*, and not only when I am present with you.

19 My little children, of whom I travail in birth again until Christ be formed in you,

20 I desire to be present with you now, and to change my voice; for I stand in doubt of you.

21 Tell me, ye that desire to be under the law, do ye not hear the law?

22 For it is written, that Abraham had two sons, the one by a bondmaid, the other by a freewoman.



23 Agus an mac *do bhí* ris a ninnilt as do reir na feóla rugadh é; achd an mac do bhí ris an mnáoi sháoir as do bhrígh na geallamhna rugadh é.

24 Atá ní eile ré thuigsin as na neithibhse: oír a síad so an dá thiomna; áon ab é Agar ó shlíabh Sína, bheireas clann chum dáoirse.

25 Oír as ionann Agar agus Sína, slíabh sa Narábia, agus as cosmhuil í ris a Niarusalém atá a nois ann, agus atá sí fá dháoirse maille ré na cloinn.

26 Achd ata an Tiarusalém atá shúas sáor, noch as máthaír dhúinne uile.

27 Oír atá sgríobhtha, Biodh gairdeachas ort a bhean aimrid nách beireann clann; réub amach agus éigh, a bhean nach bhfuil ré níodhnuibh: oír is liá clann na mná tréigthe ná na mná agá bhfuil fear.

28 Uime sin, a dhearbhráithre, is sinne clann na geallamhna, do réir Isaac.

29 Achd amhuil do bhí a nuáirsin an tí rugadh do réir na feóla ag gérléamhuin ar an tí *rugadh* do réir na Sbioruide, is mar sin atá a nois mar an gcéudna.

30 Gidheadh créd adeir an sgríobtúir? Teilg amach a ninnilt agus a mac: oír ní bhíaidh mac na hinnilte na oighre máraon ré mac na mná sáoire.

31 Go deimhin, a dhearbhráithre, ní clann don innilt sinne, achd don *mhnáoi* sháoir.

## Caibidil 5

*Saóirse na gcreidmheach tré Chríod; ag coimhsheasamh, 3 ní a ngnás an tseínréachd, agus pheacaidh, 5 achd a ngrádh Spiorúid Dé, agus ionnracuis.*

1 Uime sin seasuidh sa tsáoirse léur sháor Críod sinn, agus ná bíghidh a rís ar bhur gcreapall ré cuing ná dáoirse.

2 Féuch, a deirimse Pól ribh, dá dtimchillghearrthar sibh, nách bhfuighe sibh tairbhe ar bith a Gcríod.

3 Oír do ním dfiadhnuisi a rís do gach áon thimchillghearrthar, go bhfuil dfiachuibh air an réachd uile do choímhliónadh.

4 Atá an mhéid aguibh sháorthar trés an réachd, ar bhur ndéalughadh ré Críod; so thuiteabhair ó ghrás.

5 Oír atámuidne trés an Sbiorúid ó chreideamh ag fuireach ré dóthchas na fíreuntachda.

6 Oír a Níosa Críod ní bhfuil éifeachd ar bith a dtimchillghearradh, ná a

23 But he *who was* of the bondwoman was born after the flesh; but he of the freewoman *was* by promise.

24 Which things are an allegory: for these are the two covenants; the one from the mount Sinai, which gendereth to bondage, which is Agar.

25 For this Agar is mount Sinai in Arabia, and answereth to Jerusalem which now is, and is in bondage with her children.

26 But Jerusalem which is above is free, which is the mother of us all.

27 For it is written, Rejoice, *thou* barren that bearest not; break forth and cry, thou that travailest not: for the desolate hath many more children than she which hath an husband.

28 Now we, brethren, as Isaac was, are the children of promise.

29 But as then he that was born after the flesh persecuted him *that was born* after the Spirit, even so *it is* now.

30 Nevertheless what saith the scripture? Cast out the bondwoman and her son: for the son of the bondwoman shall not be heir with the son of the freewoman.

31 So then, brethren, we are not children of the bondwoman, but of the free.

## Chapter 5

1 Stand fast therefore in the liberty wherewith Christ hath made us free, and be not entangled again with the yoke of bondage.

2 Behold, I Paul say unto you, that if ye be circumcised, Christ shall profit you nothing.

3 For I testify again to every man that is circumcised, that he is a debtor to do the whole law.

4 Christ is become of no effect unto you, whosoever of you are justified by the law; ye are fallen from grace.

5 For we through the Spirit wait for the hope of righteousness by faith.

6 For in Jesus Christ neither circumcision availeth any thing, nor uncircumcision; but

neamhthimchillghearradh; achd a greideamh oibrigheas tré ghrádh.

7 As maith do riothabhair; cía chuir tóirmeasg oruibh fá bheith úmhal do mfhírinne?

8 Ní on tí ghoireas sibh *tháinic* an brosdughadh so.

9 Géuridhe beagán laibhín an táos uile.

10 Atá muinighin agumsa asuibh sa Dtighearna, nách bíadh sibh ar atharach inntinne: gidheadh an tí chuireas buáidhreadh oruibh bíaidh sé fá bhreith dhamanta, gidh bé ar bith é.

11 Agus a dhearbhráithre, má nímse mar an gcéudna an timchillghearradh do sheanmóir, créud fá bhfuil gérléanmhuin fós dá dhéunamh oram? go deimhin atá sgannuil na croithe ar na cur ar gcúl.

12 Do bfearr leam fós an drung chuireas míoshúaimhneas oruibh ga mbeidís ar na ngearradh uáibh.

13 Oír, a dhearbhráithre, as chum sáoirsi do goireadh sibh; amháin ná *déunuidh* an tsáoirse na cionfátha don choluinn, achd bíghidh féin ag seirbhís da chéile tré ghrádh.

14 Oír coimhliontár an réachd uile a náoinbhréithir amháin, ann so; Grádhugh do chomharsa mar thú féin.

15 Achd dá raibh sibh ag crinn agus ag slughadh a cheile, tabhruidh aire ribh nách ccnáoithear sibh ré chéile.

16 Uime sin a deirim, Siúbhluidh sa Sbiorúid, agus ní choimhliofuidh sibh míanghus na colla.

17 Oír bí míanghus na colla a nadhuigh na Sbiorúidhe a nadhuigh na colla: agus atáid so contrárdha dhá chéile: ionnas nach féidir libh na neithe as mían ribh do dhéunámh.

18 Agus ma threóruightheas sibh ris an Sbiorúid, ní bhfuilte fáoi an réachd.

19 Tuilleadh eile, is follas oibreachda na colla, mar atá; Adhaltrannas, sdríophachas, neamhghloine, macnas,

20 Iodhaladhradh, piseóga, námhadas, imreasuin, comórtus, míosguis, consbóid, ceannarruic, eireceachd,

21 Tnúth, dúnmharbhadh, meisge, cráos, agus a samhail sin: ar a labhruim ribh roimh láimh, amhuil do innis mé *dháoi* roimhe, nach bhfuighe an drung do ní a samhail so óighreachda rioghachda Dé.

22 Achd a sé as toradh don Spiorúid grádh, gáirdeachas, síothcháin, foíghid fhada, ceannsachd, rún maitheasa do dhéunamh, creideamh,

faith which worketh by love.

7 Ye did run well; who did hinder you that ye should not obey the truth?

8 This persuasion *cometh* not of him that calleth you.

9 A little leaven leaveneth the whole lump.

10 I have confidence in you through the Lord, that ye will be none otherwise minded: but he that troubleth you shall bear his judgment, whosoever he be.

11 And I, brethren, if I yet preach circumcision, why do I yet suffer persecution? then is the offence of the cross ceased.

12 I would they were even cut off which trouble you.

13 For, brethren, ye have been called unto liberty; only *use* not liberty for an occasion to the flesh, but by love serve one another.

14 For all the law is fulfilled in one word, *even* in this; Thou shalt love thy neighbour as thyself.

15 But if ye bite and devour one another, take heed that ye be not consumed one of another.

16 *This* I say then, Walk in the Spirit, and ye shall not fulfil the lust of the flesh.

17 For the flesh lusteth against the Spirit, and the Spirit against the flesh: and these are contrary the one to the other: so that ye cannot do the things that ye would.

18 But if ye be led of the Spirit, ye are not under the law.

19 Now the works of the flesh are manifest, which are *these*; Adultery, fornication, uncleanness, lasciviousness,

20 Idolatry, witchcraft, hatred, variance, emulations, wrath, strife, seditions, heresies,

21 Envyings, murders, drunkenness, revellings, and such like: of the which I tell you before, as I have also told *you* in time past, that they which do such things shall not inherit the kingdom of God.

22 But the fruit of the Spirit is love, joy, peace, longsuffering, gentleness, goodness, faith,

23 Macántas, measardhachd: ní bhfuil dligheadh a nadhuigh a samhuil sin.

24 Oír an drung as le Críod do chéusadar an cholan maille ré na toil agus ré na míanghusuibh.

25 Más beó dhúinn sa Sbiorúid, siubhlam mar an gcéudna sa Sbiorúid.

26 Ná bíodh dúil a nglóir dhíomháoin aguinn, ag cur chathuighe ár a chéile, ag tnúth ré chéile.

## Caibidil 6

*Tríd thrócaire, 6 cheirte, 14 fhulang, 15 agus bheatha núa, aitheantar clann Dé.*

1 Adhearbhraithre, má ghreamuighthear neach a gcóir ar bith go hobann, tuguidhse a dhream spioradálta, a shamhuil sin do dhuine ar a ais ré sbiorad ceannsachda; ag tabhairt aire leachd féin a *dhuine*, nach ccuirfidhe cáthughadh ortsa mar an gcéudha.

2 Iomchruidh úaluidhe a chéile, agus mar sin coimhlíonfuidh réachd Chríod.

3 Oír dá saóilidh éundúine é féin do bheith éifeachdach, ar mbeith dhó gan éifeachd, atá sé meallta *ann a inntinn* féin.

4 Achd déunadh gach áon a obair féin dearbhtha, agus mar sin bíaidh adhbhar gáirdeachais aige dhá tháobh féin amháin, agus ní do tháobh dhuine eile.

5 Oír iomchoruidh gach áon a úalach féin.

6 Tugadh an tí theaguisgthear sa mbréithir don tí theaguisgeas é roinn dá uile mhaitheasuibh.

7 Ná mealltar sibh; ní ghabhann DÍA sgige chuige: oír gidh bé ní shiolchuireas neach, a sé an ní céudna bheanfas sé.

8 Oír an tí shiolchuireas don choluinn buainfigh sé truailligheachd don choluinn; achd an tí shiolchuireas don Sbioruid buáinfidh se an bheatha mharthanach don Sbioruid.

9 Achd ag déunamh maitheasa ná bímid tuirseach: oír beanfum iona ám féin, muna ndeacham a neimbrígh.

10 Uime sin an feadh atá an tám aguinn, déunam maith do na huile *dháoinibh*, agus go mórmhór do luchd éintighe an chreidimh.

11 Do chí sibh fairsinge na litre do sgríobh mé chuguibh ré mo láimh féin.

12 An mhéid lér mían íad féin do thaisbéunadh go sgíamhach sa ccoluinn, cuirid dfíachuibh oruibhse an timchillghearradh do ghabhail chuguibh; amháin deagla go ndéantáoi gérleanmhuin orrtha ar son chroíthe Chríod.

23 Meekness, temperance: against such there is no law.

24 And they that are Christ's have crucified the flesh with the affections and lusts.

25 If we live in the Spirit, let us also walk in the Spirit.

26 Let us not be desirous of vain glory, provoking one another, envying one another.

## Chapter 6

1 Brethren, if a man be overtaken in a fault, ye which are spiritual, restore such an one in the spirit of meekness; considering thyself, lest thou also be tempted.

2 Bear ye one another's burdens, and so fulfil the law of Christ.

3 For if a man think himself to be something, when he is nothing, he deceiveth himself.

4 But let every man prove his own work, and then shall he have rejoicing in himself alone, and not in another.

5 For every man shall bear his own burden.

6 Let him that is taught in the word communicate unto him that teacheth in all good things.

7 Be not deceived; God is not mocked: for whatsoever a man soweth, that shall he also reap.

8 For he that soweth to his flesh shall of the flesh reap corruption; but he that soweth to the Spirit shall of the Spirit reap life everlasting.

9 And let us not be weary in well doing: for in due season we shall reap, if we faint not.

10 As we have therefore opportunity, let us do good unto all *men*, especially unto them who are of the household of faith.

11 Ye see how large a letter I have written unto you with mine own hand.

12 As many as desire to make a fair shew in the flesh, they constrain you to be circumcised; only lest they should suffer persecution for the cross of Christ.

13 Oír an dream sin féin atá timchillghearrtha ní choimhéduid síad an reachd; achd as mían ríu sibhse bheith timchillghearrtha, chum mórdhála do dhéanamh dhóibh as bhur bhfeóil.

14 Gidheadh nár léige Día go ndéanuinnse mórdháil, achd as croith ar Dtighearna Iósa Críod, tré a bhfuil an sáoghal céusda agumsa, agus misi ag an tsáoghal.

15 Oír a Níosa Críod ní bhfuil éifeachd ar bith a dtimchillghearradh, ná a neamhthimchillghearradh, achd sa gerúthughadh núadh.

16 Agus an mhéid shiubhalfus réir na riághlachsa, síothcháin, agus trócaire orrtha, agus ar Israel Dé.

17 O so amach ná cuireadh éunduine míoshuáimhneas oramsa: oir iomchruim um chorp comharthadha an Tighearna Iósa.

18 Grása ar Dtighearna Iósa Críod maille ré bhur spioruid, a dhearbhrathre. Amén.

13 For neither they themselves who are circumcised keep the law; but desire to have you circumcised, that they may glory in your flesh.

14 But God forbid that I should glory, save in the cross of our Lord Jesus Christ, by whom the world is crucified unto me, and I unto the world.

15 For in Christ Jesus neither circumcision availeth any thing, nor uncircumcision, but a new creature.

16 And as many as walk according to this rule, peace *be* on them, and mercy, and upon the Israel of God.

17 From henceforth let no man trouble me: for I bear in my body the marks of the Lord Jesus.

18 Brethren, the grace of our Lord Jesus Christ *be* with your spirit. Amen.